



*Moltaí Polasaí
don
Soláthar Oideachais i
Limistéir Ghaeltachta*

Aighneacht Chumann Múinteoirí Éireann

7 Iúil 2015

Réamhrá

Fáiltíonn Cumann Múinteoirí Éireann roimh an deis ionchur a bheith againn i réiteach polasaí don oideachas i limistéir Ghaeltachta. Tá taighde déanta, tuarascálacha scríofa agus moltaí curtha chun cinn cheana maidir le cúrsaí oideachas i limistéir Ghaeltachta, agus tá sé in am gnímh anois. Tá cúram ar an Roinn Oideachais a chinntiú go bhfeidhmíonn an córas oideachais ar mhaithe leis an nGaeilge agus le pobal na Gaeltachta seachas a mhalairt. Tá práinn leis an obair seo ó tharla go bhfuil daonra na gcainteoirí dúchais ag titim agus go bhfuil próifíl teangeolaíoch sna ceantair Ghaeltachta éagsúla ag síor athrú.

Tá cúram ar leith ar na scoileanna atá lonnaithe sa Ghaeltacht de réir An Achta Oideachais 1998 cuidiú chun an Ghaeilge a choinneáil mar phríomhthneanga an phobail. Aithníonn Acht na Gaeltachta 2012 gurb iad na scoileanna atá mar chroí chuid den tacaíocht atá de dhíth chun cur le húsáid na Gaeilge i measc an phobail Ghaeltachta.

Ní mór gach tacaíocht a chur ar fáil do na scoileanna sa Ghaeltacht chun a chur ar a gcumas ard chaighdeán oideachais a sholáthar don phobal. Ní leor a bheith ag brath ar na scoileanna chun tabhairt faoin dúshlán teanga sa Ghaeltacht. Tá ról an-tábhachtach ag an teagasc fhoirmiúil sna scoileanna ach ní mór tacaí a bheith sna pobail chomh maith – imeachtaí iarscoile do ghasúir agus seirbhísí tacaíochta do theaghlaigh.

Múnlaí

Is iad na cainteoirí dúchais is mó a dhéantar leatrom orthu sa chóras reatha ó tharla go gcuirtear an bhéim ar shealbhú teanga na bhfoghlaimoírí. Is fiú píolótú a dhéanamh ar choincheap an mhúinteora saibhrithe teanga, trí mhúinteoirí breise a cheapadh i scoileanna ina bhfuil cainteoirí dúchasacha in aon rang le foghlaimoírí.

Is é córas an tumoideachais is mó a oireann sa chás nach cainteoirí dúchais is mó atá sa rang agus gurb í an Ghaeilge teanga teagaisc na scoile. Is féidir an Ghaeilge a shealbhú sa chéad dhá bhliain ar scoil trí chur chuige an tumoideachais go deireadh rang na naíonán. Sa chás gurb é an tumoideachas atá á chur i bhfeidhm, ní mór é seo a thógaint san áireamh agus meastóireacht na cigireachta á déanamh. Bheadh gá freisin córas an tumoideachais a mhíniú do thuismitheoirí.

Is ceart a aithint go bhfuil scoileanna ag teagasc trí Bhéarla toisc gurb é an Béarla teanga an phobail den chuid is mó. Cé go bhfuil scoileanna mar seo lonnaithe i limistéir oifigiúil na Gaeltachta, ní pobail Ghaeilge iad i gcoitinne.

I gceantair áirithe ina bhfuil an Ghaeilge agus an Béarla á labhairt, is ceart gach spreagadh a thabhairt do scoileanna tiontú ar an teagasc trí Ghaeilge arís. Ní bheadh sé ar chumas gach scoile tabhairt faoi athrú meán teagaisc sa ghearr théarma agus ní mór straitéis a fhorbairt chun an tacaíocht chuí a thabhairt do scoileanna ar mian leo meán teagaisc a athrú.

Is fiú an coincheap a bhaineann le hionaid sealbhaithe teanga a phíolótú. D'fhéadfadh go mbeadh an-bhuntaíste ag baint le hionaid den chineál seo chun deis a thabhairt do ghasúir a thagann isteach sa ghaeltacht caighdeán a bhaint amach sa sprioctheanga a chuirfeadh ar a gcumas tabhairt faoina gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge. Is fiú foghlaim ón taithí sa Bhreatain Bheag ach cur chuige oiriúnach do chomhthéacs na hÉireann a fhorbairt.

Struchtúr Oideachas na Gaeltachta

Is í an scoil aonair ag leibhéal na bunscoile bunchloch tacaíochta an phobail. Ach scoileanna a bheith sásta d'fhéadfaí na moltaí a bhaineann le comhroinnt boird bhainistíochta a phíolótú, gan cur isteach ar an gcaidreamh a bhíonn ag scoil aonair lena pobal féin. D'fhéadfaí píolótú a dhéanamh ar an moladh go roinnfí seirbhísí rúnaíochta freisin idir scoileanna. B'fhéidir go bhféadfaí na hionaid sealbhaithe teanga a lonnú i bhfoirgintí scoile nach bhfuil in úsáid a thuilleadh.

Tiománaithe an tSoláthair Oideachais

Ceannaireacht agus Bainistíocht

Tá ceannaireacht agus bainistíocht d'ard-chaighdeán de dhíth i ngach scoil. Cé go mbíonn cúrsaí agus tacaíocht ar fáil do phríomhoidí nua-cheaptha tríd an Seribhís Tacaíochta um Fhorbairt Ghairmiúil do mhúinteoirí, ní mór freastal ar leith a dhéanamh ar phríomhoidí i scoileanna Gaeltachta, toisc go mbíonn orthu déileáil le dúshlán ar leith. Tá fiúntas sa mholadh go mbeadh líonra ar leith ar fáil do phríomhoidí na Gaeltachta. Is cinnte freisin go bhfuil gá leis an bhforbairt ghairmiúil leanúnach a dhéanfadh freastal ar riachtanais na bpríomhoidí sna scoileanna Gaeltachta. Tá deis ann anois le bunú an Lár-ionaid um Cheannaireacht Scoile in Ionad Oideachais an Chláir, riachtanais ceannaireachta na bpríomhoidí Gaeltachta a bheith mar dhlúth-chuid den chlár.

Soláthar Múinteoirí

Ní mór do mhúinteoirí a théann ag teagasc i scoileanna Gaeltachta ard chumas a bheith acu sa Ghaeilge agus is gá go mbeadh tuiscint acu ar an oideolaíocht a ghabhann le teagasc i scoileanna Gaeltachta. Tá gá don chóras a chinntiú mar sin go mbíonn dóthain múinteoirí ar fáil chun na folúntais ar fad a líonadh. Obair dhúshlánach é a bheith ag teagasc cainteoirí dúchais agus foghlaiméoirí san aon rang. Ní ceart go mbeadh iachall ar aon mhúinteoir dul ag teagasc i Scoil Ghaeltachta mura bhfuil an t-inniúlacht acu.

Is fiú cúrsa oiliúna tosaigh a chur ar fáil go hiomlán trí mheán na Gaeilge d'ábhar oidí ag an mbunleibhéal. Ní gá go mbeadh a leithéid de chúrsa dírithe ar sholáthar múinteoirí don chóras lánGhaeilge amháin cé go mbeadh an teagasc trí Ghaeilge mar dhlúth chuid den chúrsa. Ní ceart go mbainfí an cúram d'aon chúrsa réamh-oiliúna ag an mbunleibhéal múinteoirí a ullmhú do gach cineál scoile sa chóras.

Is gá a chinntiú go bhfuil foireann ag an Seirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí atá inniúil ar fhreastal ar riachtanais na múinteoirí sa Ghaeltacht. Tá sé inmhianaithe freisin go mbeadh cúrsaí dioplóma agus máistreachta ar fáil sna Coláistí Oideachais a fhreastalaíonn ar an oideachas Gaeltachta. I gcás an dioplóma ar an oideachas speisialta a rithear faoi Chiorcláin na Roinne (01/2015, 02/2015, 03/2015) is ceart módúil a bhaineann le comhthéacs na Gaeltachta, múineadh litearthachta sa Ghaeilge mar mháthair theanga, mar shampla, a bheith mar dhlúth-chuid den chúrsa.

D'fhéadfadh An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta comhordú a dhéanamh ar an soláthar inghairme do mhúinteoirí ach breis foirne a bheith acu.

Curaclam

Agus curaclam athbhreithnithe teanga ar na bacáin ag an mbunleibhéal, ní mór monatóireacht leanúnach a dhéanamh féachaint an bhfuil freastal cuí á dhéanamh ar riachtanais na scoileanna Gaeltachta.

Caithfear aitheantas a thabhairt don obair atá déanta ag COGG cur leis an soláthar acmhainní don teagasc sa Ghaeltacht trí chomhordú a dhéanamh ar an soláthar. Is obair leanúnach é an soláthar acmhainní teagaisc agus mar sin is gá a chinntiú go leantar le maoiniú COGG chun go líonfar na bearnaí atá fós ann. Bíonn gá i gcónaí le hábhar éisteachta agus le hábhar léitheoireachta grádaithe sna canúintí éagsúla, le téacleabhair i dteanga oiriúnach do pháistí agus acmhainní ar líne. Ní mór an córas leathanbhanda fhorbairt chomh maith. D'fhéadfadh suíomh tacaíochta tiomnaithe don oideachas Gaeltachta a bheith faoi chúram COGG ach an fhoireann a bheith acu.

Ní mór a chinntiú go bhfuil saineolaithe le Gaeilge ar fáil sna seirbhís tacaíochta, ar nós na seirbhíse tacaíochta síceolaíochta. Is gá freisin a chinntiú go mbíonn tuiscint agus feasacht ar an dátheangachas agus riachtanais speisialta i comhthéacs mionteanga agus mórtheanga ag baill sna seirbhísí tacaíochta agus ag saineolaithe sláinte ar nós teiripeoirí teanga agus urlabhra.

Nuair atá múinteoirí breise á ndáileadh ar scoileanna chun tacú le daltaí le raichtanais speisialta, ní mór a thógáil san áireamh go mbíonn ar scoileanna Gaeltachta tacaíocht foghlama a chur ar fáil sa litearthacht Ghaeilge agus sa litearthacht Bhéarla go minic chomh maith leis an mhatamaitic.

Tuismitheoirí

Ní mór go mbeadh eolas ar fáil do thuismitheoirí faoi chur chuige na scoileanna i leith na Gaeilge. Ní mór seirbhísí tacaíochta a bheith sa phobal do theaghlaigh ar mian leo a bpáistí a thógáil le Gaeilge

Naisc an Phobail

Cuidíonn deiseanna labhartha Gaeilge lasmuigh de chomhthéacs na scoile le sealbhú agus le saibhreas teanga. Straitéis pobail a fhreastalaíonn ar riachtanais na gcainteoirí dúchais agus riachtanais na bhfoghlaimoirí araon atá de dhíth.

Soláthar Oideachais Luath-óige

Tá an ceart anois ag gach páiste trí bliana d'aois freastal ar naíonra. Tá an-bhuntaiste ann naíonra a bheith lonnaithe i scoileanna nó ar champas scoileanna nuair a bhíonn na háiseanna ann chuige seo. Is ceart leanúint leis an bpolasaí ard-chaighdeán cailíochtaí agus oiliúna a éileamh in earnáil na réamhscolaíochta agus tacú le cleachtóirí an ardchaighdeán seo a bhaint amach.

MOLTAÍ

Fáiltítear roimh admháil na Roinne Oideachais agus Scileann go bhfuil stádas na Gaeilge i soláthar scoile riachtanach don tacaíocht le húsáid na Gaeilge i bpobail na Gaeltachta agus go n-athdhearbhaíonn an Roinn a tiomantas do sholáthar oideachais ar ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge i limistéir na Gaeltachta. Beidh toradh an tiomantais le sonrú nuair a chuirfear na moltaí a bhfuil glacadh leo i bhfeidhm.

Nuair atá sainmhíniú ar scoil Ghaeltachta á ullmhú ag an Roinn, ní mór a thógáil san áireamh go bhféadfadh éagsúlacht scoileanna a bheith lonnaithe sa Ghaeltacht. Ní hionann láidreach na Gaeilge i ngach ceantar. Is gá tacú le scoileanna atá ag iarraidh aistriú ar ais go dtí an teagasc trí Ghaeilge más é seo mian an phobail.

Tá múinteoirí buartha go lorgófaí an caighdeán Béarla céanna i rang 2 sna tástálacha caighdeánacha sa chás go gcuirfear tumoideachas luathiomlán i bhfeidhm sna ranganna naíonán, agus go bhfuil sé tábhachtach go dtuigfeadh an pobal, na thuismitheoirí agus an chigireacht na himpleachtaí a bhaineann le cur i bhfeidhm an tumoideachais. Is cur chuige an-oiriúnach é an tumoideachas d'fhoghlaimoirí teanga. Caithfear a chinntiú go ndéantar an t-idirdhealú cuí do na cainteoirí dúchais. Is gá a bheith solúbtha i gcás aon pholasaí tumoideachais a chuirfí i bhfeidhm.

Ní mór a chinntiú go gcuirfear an leibhéal tacaíochta atá de dhíth chun an Ghaeilge a láidriú sna scoileanna Gaeltachta ar fáil. Soláthar ábhar agus áiseanna teagaisc agus

forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí agus do phríomhoidí na gnéithe is tábhachtaí. Ó tharla go bhfuil tromlach na bpríomhoidí i mbunscoileanna Gaeltachta ag teagasc is gá cur le líon na laethanta riaracháin chun deis a thabhairt dóibh tabhairt faoi na dúshláin atá rompu.

D'fhéadfaí múinteoirí saibhrithe teanga a cheapadh mar chuid den fhoireann teagaisc tacaíocht foghlama, ach ról saibhrithe teanga a bheith acu do chainteoirí dúchais. Tá múnla nua á cheapadh, a bheas bunaithe ar phróifíl scoile, chun múinteoirí breise a dháileadh ar scoileanna chun tacú le riachtanais breise. Ba cheart scéim na gcúntóirí teanga a thabhairt isteach faoin Roinn Oideachais, polasaí a leagadh síos maidir le reachtáil na scéime agus pólóitú a dhéanamh air. Ní mór an cóimheas idir daltaí agus múinteoirí a fheabhsú freisin.

CRÍOCH

Beidh costas ag baint le cur i bhfeidhm na moltaí a láidreodh an tacaíocht do scoileanna Gaeltachta. Mar sin féin, tá sé fíor-thábhachtach go mbeadh polasaí ag an Stát i leith an oideachais sa Ghaeltacht agus nach bhfágfar na scoileanna i bhfolús a thuilleadh. Is ceart plé leanúnach a dhéanamh le príomhoidí agus le múinteoirí sna scoileanna Gaeltachta agus polasaí don oideachas sa Ghaeltacht a fhorbairt ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

7 Iúil 2015